2024/2034

23.7.2024

CINNEADH (CBES) 2024/2034 ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Iúil 2024

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/667 maidir le beart cúnaimh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022-2024

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 21 Aibreán 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/667 ([1]) lenar bunaíodh beart cúnaimh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022 go 2024 ('an beart cúnaimh'). Leis an mbeart cúnaimh, cumasaítear maoiniú gníomhaíochtaí atá mar thaca leis an Aontas Afracach arna bhformheas ag an gCoiste Polaitiúil agus Slándála faoin 31 Nollaig 2024.

(2) Tá ráta tomhaltais an chistithe a bhí ar fáil tríd an mbeart cúnaimh níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús. An méid tagartha airgeadais iomlán atá beartaithe chun caiteachas a bhaineann leis an mbeart cúnaimh a chumhdach, ní shlógfar é faoin 31 Nollaig 2024.

(3) Chuir an tAontas Afracach in iúl gur spéis leis leanúint de thairbhe a bhaint as an mbeart cúnaimh i bhfianaise na riachtanas leanúnach.

(4) Aithníonn an Chomhairle an tábhacht straitéiseach leanúnach a bhaineann leis an gComhpháirtíocht Síochána agus Slándála idir an Afraic agus an tAontas Eorpach agus an ról ceannasach atá ag an Aontas Afracach chun an tsíocháin agus an tslándáil a chaomhnú ar mhór-roinn na hAfraice.

(5) Chun an tacaíocht don Aontas Afracach a uasmhéadú, ba cheart go maoineofaí leis an mbeart cúnaimh gníomhaíochtaí atá le formheas ag an gCoiste Polaitiúil agus Slándála faoin 31 Nollaig 2025 agus ba cheart síneadh go 96 mhí a chur le ré an bhirt cúnaimh.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2022/667 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2022/667 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Leis seo, cuirtear ar bun beart cúnaimh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach, atá le maoiniú faoin tSaoráid Eorpach Síochána ("an Beart Cúnaimh"). Leis an mBeart Cúnaimh, maoineofar gníomhaíochtaí arna bhformheas ag an gCoiste Polaitiúil agus Slándála faoin 31 Nollaig 2025.';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Mairfidh ré an Bhirt Cúnaimh 96 mhí ón 1 Eanáir 2022.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Iúil 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J. BORRELL FONTELLES

([1]) Cinneadh (CBES) 2022/667 ón gComhairle an 21 Aibreán 2022 maidir le beart cúnaimh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022 go 2024, (IO L 121, 22.4.2022, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/667/oj).